

Ceistneoirí/Suirbhéanna

Is bealach iontach iad ceistneoirí agus suirbhéanna chun measúnú a dhéanamh ar leibhéil feasachta maidir le fuinneamh. Is féidir iad sin a dhéanamh nuair a thosaíonn tú ag díriú ar an téama 'fuinneamh' agus arís ina dhiaidh sin ionas gur féidir leat monatóireacht a dhéanamh ar rath do chlár. Is féidir ceistneoirí agus suirbhéanna a dháileadh laistigh den scoil agus ar thuismitheoirí, ar theaghlaigh agus ar an bpobal áitiúil fiú! Féach ar an Sampla thíos.

Dáta an tSuirbhé Bhonnlíne:

Dáta an tSuirbhé is Déanaí a Rinneadh:

Líon na mac léinn a rinne suirbhé:

Bliain 1

Bliain 2

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne atá in ann níos mó ná cineál amháin fuinnimh a ainmniú?

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne atá in ann 3 fhoinsí neamh-inathnuaite d'fhuinneamh / de bhreoslaí iontaise a liostú?

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne atá in ann 3 fhoinsí in-athnuaite fuinnimh a liostú?

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne atá in ann 3 bhealach a liostú chun úsáid fuinnimh sa scoil a laghdú?

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne a thuigean conas a iompraítear leictreachas chuig an scoil?

Cén % de na mic léinn agus de na baill foirne atá in ann fadhb a bhaineann le foinsí fuinnimh in-athnuaite a ainmniú?



Cinntigh go roinneann tú eolas maidir le do thorthaí ionas go bhfuil pobal na scoile uile airdeallach ar na torthaí. D'fhéadfaí, mar shampla, cairteacha a chruthú sa rang Mata nó Ealaíne agus iad a thaispeáint ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa.

